

ARÁN EORNAN

Eorna a bhíodh curtha uilig sa tír seo fadó. Ní raibh an talamh a tabhairt choirce an uair sin. Bhíodh neart eornan curtha ag daoine. B'fhéidir nach mbeadh mórán fataí chor ar bith curtha acab. Mura mbeadh an eorna buailte ná aon arbhar sa teach bhí bean indon í a bhualadh, dá dtigfadh duine isteach go toibeann agus nár mhaith léithe a dhul amach gan í a chur cumaoín air.

Tharraingigeadh sí ceathar nó cúig de dhornáin as an gcruach. Thiubhradh sí na dornáin isteach sa gcistineach, lasfadh sí sop tuighe ar an urlár. Chuireadh sí barr na ndornán sa lasair leis an gcolg a bhaint den eorna. Loisteán thugadh siad ar sin, rud a dhóghadh gan aon dochar a dhéanamh. (Thiubhradh bean loisteán do ghé agus an figheadóir don bhréidín sa seol)

Nuair a bhíodh an loisteán tugtha don eorna aice bhuaileadh sí í leis an ngrán a bhaint as. Chuireadh sí an grán dá chruadhadh i bpota os cionn na teineadh. Nuair a bhíodh an grán cruaidh aice, thógadh sí as a' bpota é agus chuireadh sí criathar air lena ghlanadh. Annsin mheilleadh sí le bró an grán agus bhí min déanta aice. Chuireadh sí an mhin tríd an gcriathar arís agus ní raibh le déanamh annsin ach a fhluchadh agus arán a dhéanamh. Nuair a bhíodh an t-arán bruite leagadh sí ag an duine a bhí ar cuairt aice é, im úr agus deoch bhainne.

Loisteán Loiscearán (Dinneen)

Mo thuilleamh loisceáin.